Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Feabhra 2019**
**(OR. en)**

**5816/19**

**ECOFIN 71**
**UEM 23**
**SOC 50**
**EMPL 39**
**COMPET 78**
**ENV 85**
**EDUC 35**
**RECH 58**
**ENER 41**
**JAI 67**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5814/19 |
| Ábhar: | Tuarascáil 2018 maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach<br>– Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle i dtaca le Tuarascáil 2018 maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach, a ghlac an Chomhairle ag an 3671ú cruinniú dá cuid ar an 12 Feabhra 2019.

**TUARASCÁIL 2018 MAIDIR LE HINBHUANAITHEACHT FHIOSCACH**

– Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN –

Dearbhaíonn an Chomhairle (ECOFIN) mar a leanas:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI "Tuarascáil 2018 maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach" ón gCoimisiún, atá bunaithe ar Thuarascáil 2018 ar an Aosú, lena ndéantar an cur chuige ilghnéitheach maidir le measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht fhioscach san Aontas Eorpach a nuashonrú agus a fheabhsú. ATHDHEARBHAÍONN SÍ feidhmeanna difriúla na hanailíse ón gCoimisiún maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach, lena n-áirítear rioscaí fioscacha féideartha atá ag teacht chun cinn i dtíortha de chuid an Aontais Eorpaigh a shainaithint agus úsáid na hanailíse sin mar bhonn do cheanglais bheartais agus moltaí a fhoirmliú faoi chuimsiú an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis agus an tSeimeastair Eorpaigh.

2. CUIREANN SÍ I dTREIS gur ann go fóill sa ghearrthéarma don leochaileacht agus gur sainaithníodh rioscaí fioscacha a bheith ag baint le tír amháin. Mar sin féin, is foinsí móra leochaileachta sa ghearrthéarma iad na leibhéil arda fiachais nó na leibhéil fiachais atá ag dul i méid, i roinnt Ballstát, a bhféadfadh rioscaí fioscacha a bheith ag gabháil leo – fiú go gearrthréimhseach – i gcás ina dtiocfadh athrú ar bhraistintí sa mhargadh airgeadais.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS go ndealraíonn sé ardriosca meántéarmach a bheith ag baint le seacht dtír de chuid an Aontais Eorpaigh agus meánriosca a bheith ag baint le ceithre thír eile, go príomha mar gheall ar leibhéil arda fiachais rialtais, staid is measa fós i gcásanna áirithe de dheasca lagstaid fhioscach, íogaireacht i dtaca le suaití díobhálacha agus an caiteachas poiblí réamh-mheasta a bhaineann le haois.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur baineadh úsáid as an anailís ar inbhuanaitheacht an fhiachais agus as an táscaire maidir leis an mbearna fhioscach (S2) d'fhonn na conclúidí maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach san fhadtéarma a shaibhriú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndealraíonn sé ardriosca fadtéarmach maidir le hinbhuanaitheacht a bheith ag baint le 6 thír de chuid an Aontais Eorpaigh agus meánriosca a bheith ag baint le 14 thír eile, go príomha toisc go mbeidh, de réir mar a thuartar, an costas ar aosú ag dul i méid agus, i gcásanna áirithe, i ngeall ar íogaireachtaí i dtaca le leibhéil arda fiachais rialtais. AITHNÍONN SÍ na dúshláin mhóra a bhaineann le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí i ngeall ar an athrú déimeagrafach.

5. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh leibhéil arda fiachais phoiblí cur isteach ar an bhfás eacnamaíoch, go laghdófaí cumas an airgeadais phoiblí cobhsú fritimthriallach a dhéanamh tráth cor chun donais eacnamaíoch, agus go bhfágfaí iarmhairtí diúltacha ar dhálaí maoiniúcháin agus ar chobhsaíocht airgeadais ar fud na mBallstát, go háirithe iontu siúd a bhfuil an euro ina airgeadra comhchoiteann acu.

6. D'fhonn déileáil leis an dúshlán a bhaineann leis an inbhuanaitheacht fhioscach, CUIREANN SÍ I bhFIOS gur cheart, leis an gcumasc iomchuí de bheartais, díriú ar dheimhin a dhéanamh de go ndéanfar an chobhsaíocht mhacra-airgeadais agus an t-airgeadas poiblí fónta a áirithiú, lena n-áirítear trí chórais na bpinsean, an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh a athchóiriú agus, ina theannta sin, trí charnadh caipitil agus athchóirithe a chuireann le táirgiúlacht, fás agus fostaíocht, ag brath ar na príomhchúiseanna atá leis na dúshláin shonracha atá ag na Ballstáit. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart leas a bhaint as timpeallacht mhaicreacnamaíoch fhabhrach, lena n-áirítear leibhéil ísle rátaí úis a úsáid d'fhonn maoláin fhioscacha a athbhunú, go háirithe sna Ballstáit sin a bhfuil fiachas ard rialtais ag baint leo. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart freisin go gcuideodh beartais mhaicreacnamaíocha agus athchóirithe struchtúracha chun timpeallacht eacnamaíoch a chruthú lena dtacófaí le comhdhlúthú fioscach sna tíortha sin nach mór dóibh an fiachas poiblí a laghdú.

7. Fiú i gcásanna ina léirítear in anailís an Choimisiúin rioscaí ísle meántéarmacha agus fadtéarmacha maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach, CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfidh na Ballstáit seasamh fioscach inbhuanaithe a áirithiú, lena bhféadfar dul i ngleic le suaití a d'fhéadfadh a bheith ann le linn an timthrialla eacnamaíoch. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá cloí le rialacha fioscacha an Aontais d'fhonn leibhéil inbhuanaithe fiachais a áirithiú.

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS, i bhfianaise na ndúshlán déimeagrafach, go mbíonn tionchar mór dearfach ag athchóirithe cuimsitheacha ar inbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach, mar is léir ó Thuarascáil 2018 ar an Aosú. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a riachtanaí atá sé leanúint de ghníomhaíocht iomchuí beartais maidir leis na réimsí go léir a bhaineann le haois, agus cásanna a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith agus na dúshláin a bhaineann le leordhóthanacht pinsean á gcur san áireamh agus, ag an am céanna, bearta lena n-aisiompaítear athchóirithe a rinneadh cheana féin á seachaint. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb éard atá i gceist leis sin na moltaí tír-shonracha a eisítear faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh a chur chun feidhme go pras agus go cuimsitheach agus nár mhór do na Ballstáit tuilleadh beart a ghlacadh, bíodh is nach ionann sin ó Bhallstát go chéile, d'fhonn an aois scoir iarbhír a ardú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht níos faide agus níos mó i margadh an tsaothair a chur chun cinn, agus trí luathfhágáil mhargadh an tsaothair a sheachaint agus tríd an aois scoir, an tréimhse riachtanach ranníocaíochta nó sochair phinsin a ailíniú le hionchas saoil. Ina theannta sin, ag meabhrú di na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 8 Samhain 2016[1], MEASANN an Chomhairle go bhfuil tábhacht ar leith ag roinnt leis an dá aidhm, mar atá inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú agus rochtain a bheith ag gach duine ar sheirbhísí cúraim sláinte ar ardchaighdeán, trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras sláinte agus na gcóras cúraim fhadtéarmaigh.

9. IARRANN SÍ AR na Ballstáit, go háirithe orthu siúd a gcinntear ina leith ardriosca meántéarmach maidir le hinbhuanaitheacht a bheith ag baint leo, aird a dhíriú, sna Cláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú a bheidh á réiteach acu gan mhoill, ar straitéisí beartais fioscacha agus struchtúracha a bheidh dírithe ar an inbhuanaitheacht agus ar an bhfás; agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún na torthaí sin maidir le hinbhuanaitheacht a chur san áireamh san anailís, sna moltaí agus sna ceanglais bheartais a dhéanfaidh siad faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh agus, mar chuid de, an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis. Leanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún d'fhaireachán rialta a dhéanamh ar na straitéisí agus ar na forbairtí maidir le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí agus, san am céanna, tabharfaidh siad urraim d'inniúlachtaí náisiúnta trí fhorbairtí nua i ndálaí maicreacnamaíocha, beartais fhioscacha agus athchóirithe struchtúracha, go háirithe i réimsí a bhaineann le córais na bpinsean, an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh, a chur san áireamh sa mheasúnú.

---

[1] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch agus ón gCoimisiún i ndáil le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach san Aontas, an 8 Samhain 2016.

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an measúnú foriomlán cuimsitheach a dhéanann sé ar bhonn rialta ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a dhéanamh faoi thús 2022, lena n-áirítear na modheolaíochtaí i dtaca le measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a fheabhsú a thuilleadh agus leas a bhaint as réamh-mheastacháin airgeadais a bhaineann le haois i dTuarascáil 2021 ar an Aosú atá le teacht agus, idir an dá linn, nuashonrú á dhéanamh ar bhonn rialta ar mheasúnú inbhuanaitheachta an Choimisiúin (trí bhíthin na hionstraime lena ndéantar faireachán ar inbhuanaitheacht fiachais). Ba cheart don Choiste um Beartas Eacnamaíoch, ar bhonn an mheasúnaithe fhoriomláin chuimsithigh, tuarascáil a thabhairt don Chomhairle.